| Uimhir Lárionaid | |
|---|---|
| 71 | |

| Uimhir Iarrthóra |
|---|
| |

Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2010–2011

# Eolaíocht: Teastas Singil (Modúlach)

## Fanacht Beo
## Modúl 1

## Ardsraith

**[GSC12]**

GSC12

**DÉ CÉADAOIN 23 FEABHRA 2011, MAIDIN**

**AM**

45 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **sé** cheist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 45 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| Uimhir Ceiste | Marcanna |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| Marc Iomlán | |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**1** **(a)** **(i)** Cuir síos ar an fheidhm atá leis an phaincréas agus leis an ae leis na leibhéil ghlúcóis san fhuil a choinneáil tairiseach.

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________ [3]

**(ii)** Ainmnigh an riocht a fhágann nach féidir na leibhéil ghlúcóis san fhuil a rialú.

______________________________ [1]

**(b)** Is galar é fiobróis chisteach a fhaightear le hoidhreacht.

An ghéin atá ina chúis leis (f), tá sí cúlaitheach don ghnáthghéin (F).

Comhlánaigh an léaráid ghéiniteach anseo thíos lena thaispeáint cad é mar a bheadh leanbh a bhfuil fiobróis chisteach air ag beirt thuismitheoirí nach bhfuil fiobróis chisteach orthu.

| | | |
|---|---|---|
| | | f |
| F | | |
| | | |

[3]

**(c)** Tá eolaithe ag iarraidh scamhóga a chlónáil lena n-úsáid in áit scamhóg atá buailte ag fiobróis chisteach. Ní aontaíonn daoine áirithe le clónáil. Luaigh fáth **amháin** atá leis seo.

____________________________________________ [1]

**2** **(a)** Taispeánann an tábla seo thíos an costas a bhaineann le hothair a chlóireáil le haghaidh riochtaí míochaine áirithe.

| **Riocht** | **Costas/£** |
|---|---|
| Diaibéiteas cineál 1 | 4000 |
| Obráid loingeán glúine | 2000 |
| Taom croí | 20000 |
| Fiobróis chisteach | 5000 |

**(i)** Luaigh **dhá** dhóigh a mbíonn cuid den airgead in úsáid le cóireáil a chur ar dhaoine a bhfuil diaibéiteas cineál 1 orthu.

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(ii)** Is é loingeán glúine an riocht is saoire lena chóireáil.
Luaigh **3** fháth le cad chuige.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [3]

**(b)** Seachas an costas a bhaineann le taomanna croí a chóireáil, luaigh **dhá** dhóigh eile a mbeadh éifeacht acu ar an tsochaí.

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(c)** Mínigh an dóigh a dtéann aclaíocht rialta chun tairbhe don chóras imshruthaithe.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

Scrúdaitheoir Amháin


| Marcanna | Athmharc |
|---|---|
| | |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**3** Deir saineolaithe cothúcháin áirithe go bhfuil an cion mianrach i gcáis níos lú anois ná mar a bhí sé daichead bliain ó shin. Taispeánann an tábla thíos an anailís a rinne siad ar dhá cháis.

| Mianra | Bliain | Céadar | Mozzarella |
|---|---|---|---|
| Iarann/mg | 1968 | 0.21 | 0.24 |
| | 2008 | 0.10 | 0.07 |
| Cailciam/mg | 1968 | 210 | 212 |
| | 2008 | 189 | 120 |

**(a) (i)** Tarraing barrachairt ar an eangach thíos lena thaispeáint cén dóigh a bhfuil cion an iarainn sa dá cháis athraithe.




[3]

**(ii)** Ríomh an laghdú ar chion an iarainn sa cháis mozzarella idir 1968 agus 2008.

_______________________ mg [1]

**(b) (i)** I gcás gach ceann de na mianraí, luaigh dóigh amháin a mbeadh éifeacht ag iontógáil íseal ar shláinte an duine.

**Iarann** ______________________________________________ [1]

**Cailciam** ____________________________________________ [1]

Na saineolaithe cothúcháin a tháirg na torthaí seo, déanann siad agus díolann siad forlíonta mianraí.

**(ii)** Cad chuige a mbeifeá amhrasach faoina gcuid torthaí mar gheall air seo?

________________________________________________________

______________________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**4** **(a)** Is neamhord itheacháin araon iad anoireicse agus búilime.

Luaigh **dhá** dhóigh a bhfuil siad cosúil lena chéile agus **dhá** dhóigh a bhfuil siad difriúil lena chéile.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

___________________________________________________________________ [4]

**(b)** Luaigh gairm **amháin** ina mbeadh líon na ndaoine a bhfuil búilime orthu os cionn an mheáin agus luaigh fáth **amháin** a bheadh leis seo.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

___________________________________________________________________ [2]


**(c)** Na daoine sin a bhfuil anoireicse nó búilime orthu, ní leanann siad treoirlínte an rialtais. Ainmnigh riocht míochaine eile a thiocfadh ar dhaoine nach leanann treoirlínte maidir le hitheachán sláintiúil.

___________________________________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**5** Tá Sinéad agus Tomás ag súil lena gcéad leanbh agus shocraigh siad go mbeadh teist aimniceintéise ag Sinéad.



**(a)** Luaigh fáth a mbeadh an teist ag Sinéad.

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [1]

**(b)** Cuir síos ar phróiseas na haimniceintéise.

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [3]

**(c)** In amanna, fágann na torthaí a bhaineann le scagthástáil ghéiniteach go gcaithfear comhairliú géiniteach a fháil. Mínigh an fáth a gcaithfear é seo a dhéanamh.


______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [2]

6 **(a)** Anseo thíos tá cuid de léaráid de struchtúr DNA.

**(i)** Comhlánaigh an léaráid trí na bunanna atá ar iarraidh a tharraingt. [1]




**(ii)** Cá mhéad bun difriúil atá sa léaráid iomlán anois?

_________________________ [1]

**(iii)** Luaigh fíric **amháin** a d'aimsigh Watson agus Crick faoi na bunanna seo.

_____________________________________________________ [1]

**(iv)** Ainmnigh eolaí **amháin** eile a rinne taighde ar bhunanna DNA.

_________________________ [1]

**(b)** **Hipitéis an bhuin thripléadaigh**, luaigh an dóigh a dtugann sé míniú ar an nasc idir an cód DNA agus foirmiú próitéiní.

_____________________________________________________

_____________________________________________________

_____________________________________________________

_____________________________________________________ [3]

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

111802